

Uimh. Thag. POD/G09/1665/C143

Dáta: 07 Nollaig, 2022

Tionscadal: **Forbairt Bóthair N22 Baile Bhuirne - Maigh Chromtha**  
Ábhar: **Oscailt Seachbhóthair Mhaigh Chromtha - Fógra Poiblí**

Don té go mbaineann sé leis/léi,

Tá Comhairle Contae Chorcaí chun searmanas oscailte a óstáil do Sheachbhóthar Mhaigh Chromtha ar an Aoine seo chugainn an 9 Nollaig 2022 agus ina dhiaidh sin osclófar an seachbhóthar nua, idir Timpeallán Chúil Chomhair agus an timpeallán sealadach i gCarraig an Phúca, do thrácht ginearálta, le luasteorainn de 100 km/u.

Tabhair faoi deara le do thoil go mbeidh socruithe sealadacha bainistíochta tráchta go fairsing i bhfeidhm ar gach bealach isteach chuig an timpeallán sealadach i gCarraig an Phúca mar seo a leanas:

- I gcás feithiclí ag taisteal siar, i dtreo Bhaile Bhuirne, ar an seachbhóthar nua ag druidim leis an timpeallán sealadach – laghdófar an débhealach nua go lána singil (an lána scoite a dhúnadh) ar feadh achar thart ar 800m roimh an timpeallán sealadach agus beidh an luasteorainn á laghdú go 60km/u ag an láthair seo.
- I gcás feithiclí a bheidh ag druidim leis an timpeallán sealadach, ar an sean-N22 a dhéanfar, laghdófar an luasteorainn go 60km/u agus beidh an timpeallán sealadach i bhfeidhm.

Tá roinnt sceitsí curtha faoi iamh againn lastall a thaispeánann na trí bhealaí isteach chuig an timpeallán sealadach ag Carraig an Phúca a thaispeánann an chaoi a n-imeoidh an trácht, na pointí isteach/amach ón timpeallán sealadach, agus na comharthaí Géill Slí, a thaispeánann an trácht ag géilleadh agus é ag teacht ar an timpeallán sealadach.

Táimid ag iarraidh ar gach úsáideoir bóithre cúram agus aird chuí a thabhairt do leagan amach an seachbhealaigh nua, an leagan amach agus bealaí isteach chuig an timpeallán sealadach ag Carraig an Phúca, a bheith tuisceanach do gach úsáideoir bóithre eile agus a bheith feasach freisin go bhfuil obair thógála ag leanúint ar aghaidh gar don leagan amach nua bóthair.

Ba mhaith leis an gConraitheoir aitheantas a thabhairt don chomhoibriú agus don chúnamh a fuarthas ón Garda Síochána, ó na Seirbhísí Éigeandála, ó Chomhairle Contae Chorcaí, ó ghnóthaí agus ó chónaitheoirí áitiúla, ó úsáideoirí bóithre agus ó gach páirtí leasmhar eile a chuir ar chumas na hoibre dul ar aghaidh mar a bhí beartaithe agus atá anois tagtha go dtí an chloch mhíle thábhachtach seo don tionscadal. Tá an Conraitheoir ag tnúth leis an gcuid eile den tionscadal a thabhairt chun críche, faoi Ráithe 4 de 2023, tá súil againn.

**Nóta Tábhachtach: Cinntigh le do thoil go gcloíonn tú leis na teorainneacha luais phostaithe i gcónaí agus tú ag baint úsáide as bóthar nua an N22 agus na hacomhail.**

Peter O'Donoghue, **OCP**, Jons Civil Engineering- John Cradock JV.

